Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 33

# Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoi réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar íocaíocht fóirdheontas agus deontas áirithe.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna:

a) a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain agus
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2017 as leithreasuithe gan chaitheamh 2016 faoin socrú do ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €3.15 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

### Aistriú Feidhmeanna

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna a bhain le gnóthaí forbartha réigiúnacha agus gnóthaí tuaithe ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail nuachruthaithe i bhfeidhm ó 27 Iúil 2017. Rinneadh an Roinn a athainmniú mar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le héifeacht ó 1 Lúnasa 2017. Ullmhaíodh an cuntas seo i gcomhréir le Meastachán Athbhreithnithe Deiridh 2017 don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcomhréir le treoir ó Chuntasaíocht an Rialtais ar shocruithe cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm i ndáil le caiteachas ar fheidhmeanna a aistríonn idir Ranna trí orduithe um aistriú feidhmeanna. Mar sin, léirítear leithdháileadh measta agus táirgeacht na bliana iomláine do 2017 d'fheidhmeanna Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe sa chuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail.

### Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is moite den mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Níl maoine stairiúla ar leith amhail páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreachta amhail déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ag an Roinn agus go bhfuil sé á oibriú aici.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialaithe inmheánacha airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhíse idir an Roinn agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte do mo Roinn.

Mar seo a leanas atá an seasamh i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú agus
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais,
- cláraíodh nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil arna gcoinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

San iomlán, tuairiscíodh cúig shocrú soláthair faoi Chiorclán 40/02 in 2017 le luach iomlán de €1,044,842. Déantar iad sin a mhiondealú mar seo a leanas:

- bhain ceithre chonradh, arbh fhiú €980,453 iad, le conarthaí nach raibh ag teacht leis na gnáthnósanna imeachta tairisceana ó tharla nach raibh sé cuí ina gcás sin mar gurbh sholáthraithe aonair na soláthraithe a bhí i gceist.
- cuireadh síneadh thar bhundáta an chonartha le conradh amháin arbh fhiú €64,389 é agus tá céimeanna glactha chun a chinntiú go gcuirfí conradh nua ar bun in 2017 do na seirbhísí sin.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus mé féin athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in bhfeidhm agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an Roinn aghaidh a thabhairt orthu agus sainaithníodh na rioscaí sin agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an Bord Bainistíochta (BB) athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár sin gach ráithe. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh i ndáil le hacmhainní agus iad a leithdháileadh d’fhonn a áirithiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go léibhéal atá inghlactha.

Leagtar amach ar an gclár rioscaí na bearta rialaithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na mbearta rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

***Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ar rialú in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don BB, más iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na bearta rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhbhearta rialaithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le haon eansaimh a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsireach sa Roinn atá freagrach as an creat rialála inmheánaigh airgeadais a fhorbairt, agus cothabháil a dhéanamh air, bonn eolais faoin mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialála inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i dtaca le rialú inmheánach airgeadais don bhliain 2017 a raibh cailteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a d'fhéadfadh cailteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Caitríona Ní Liacáin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

19 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus and Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | | |
| A | Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán | | | | | |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 158,013 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 11,548 | 169,561 | 158,958 | 173,499 |
| B | Oidhreacht | | | | | |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 45,289 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | 47,289 | 51,337 | 48,049 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hoileáin | | | 46,613 | 47,955 | 53,346 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | | 38,493 | 41,356 | 41,557 |
| — | *Forbairt Réigiúnach agus Gnóthaí Tuaithe* | | | — | — | 51,699 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 288,408 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 13,548 | **301,956** | **299,606** | **368,150** |
| | *Lúide* | | | | | |
| F | **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | | **3,973** | **5,468** | **8,620** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 284,435 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 13,548 | | | |
| | | | | **297,983** | **294,138** | **359,530** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlite le géilleadh géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 3,844,590 | 16,667,853 |
| Géilleadh iarchurtha | (700,000) | (13,548,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **3,144,590** | **3,119,853** |

**Caitríona Ní Liacáin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

19 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas chláir | | 264,460 | 331,921 |
| Pá | | 30,091 | 31,175 |
| Neamhphá | | 5,055 | 5,054 |
| **Ollchaiteachas** | | **299,606** | **368,150** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | **5,468** | **8,620** |
| **Glanchaiteachas** | | **294,138** | **359,530** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ceannacháin | (4,438) | | |
| Dímheas | 1,562 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 9 | | |
| | | (2,867) | (1,430) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 33,677 | | |
| Laghdú ar stoc | 5 | | |
| | | 33,682 | (37,015) |
| **Caiteachas díreach** | | **324,953** | **321,085** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompráiodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 16,688 | 14,980 |
| Measchíosanna | | 733 | 733 |
| **Glanchostas chláir** | | **342,374** | **336,798** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 a iompraiodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 10,822 | 8,624 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,937 | 5,308 |
| Vóta 18 Oifig na Seirbhíse Náisiúnta Comhroinnte | m | 121 | 100 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 608 | 604 |
| Ciste Lárnach - Pinsin Aireachta | m | 170 | 314 |
| | | **16,688** | **14,980** |

Léiríonn “m” gur luach measta nó costas leithroinnte atá san uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **59,552** | **56,656** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 6,183 | 24,668 |
| Stoic | 2.4 | 322 | 327 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,122 | 36,837 |
| Ioncam fabhraithe | | 94 | 29 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 383 | 1,082 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **10,104** | **62,943** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 597 | 570 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 5,027 | 5,706 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 1,539 | 20,044 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **7,163** | **26,320** |
| **Glansócmhainní reatha (dliteanais)** | | 2,941 | 36,623 |
| **Glansócmhainní** | | **62,493** | **93,279** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **62,493** | **93,279** |

### 2.1 Cuntas chiste an Stáit

| | | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | | 93,279 | 54,774 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | | |
| Soláthar Mheastacháin | | Cuntas | 297,983 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | Cuntas | (700) | | |
| Barrachas le géilleadh | | Cuntas | (3,145) | | |
| Vóta glan | | | | 294,138 | 359,530 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompráiodh in áit eile | | 1.1 | | 16,688 | 14,980 |
| Caiteachas neamhairgid | - measchíos | 1 | | 733 | 733 |
| | - sócmhainn sheasta coigeartú | 2.2 | | 29 | 60 |
| Glanchostas an chláir | | 1 | | (342,374) | (336,798) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | | **62,493** | **93,279** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh oifige agus TF[a] | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luachái ag 1 Eanáir 2017 | 53,435 | 7,436 | 10,028 | 4,209 | 75,108 |
| Breiseanna | 2,701 | 965 | 633 | 139 | 4,438 |
| Aistrithe amach [b] | — | — | (558) | — | (558) |
| Coigeartuithe [c] | — | 29 | 13 | 47 | 89 |
| Diúscairtí | — | (270) | (165) | (25) | (460) |
| Costas nó luachái ag 31 Nollaig 2017 | 56,136 | 8,160 | 9,951 | 4,370 | 78,617 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 1,128 | 6,181 | 8,537 | 2,606 | 18,452 |
| Táille dhímheasa don bhliain | 419 | 259 | 782 | 102 | 1,562 |
| Dímheas ar aistrithe | — | — | (558) | — | (558) |
| Coigeartuithe | — | 27 | 5 | 28 | 60 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (263) | (165) | (23) | (451) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 1,547 | 6,204 | 8,601 | 2,713 | 19,065 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **54,589** | **1,956** | **1,350** | **1,657** | **59,552** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 52,307 | 1,255 | 1,491 | 1,603 | 56,656 |

[a] Cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhís bainistithe TFC ar fáil do shócmhainní TFC an Rannáin Oidhreachta thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá siad sin cláraithe ar an gclár sócmhainní. Tá sceideal de na sócmhainní curtha le chéile ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcás go n-athrófaí téarmaí na seirbhíse bainistithe reatha TFC nó go gcuirfí críoch léi amach anseo agus go mbeadh gá sócmhainní a aistriú.

[b] Sócmhainní a aistríodh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar thoradh ar aistriú feidhmeanna.

[c] Rineadh na coigeartuithe de €89,000 mar thoradh ar chothabháil leanúnach atá á dhéanamh ar chlár sócmhainní seasta na Roinne.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 5,989 | 24,532 |
| Cuntais bhainc tráchtála [a] | 194 | 136 |
| | **6,183** | **24,668** |

[a] Áiríonn iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála €172,120 i 2017 (2016: €131,179) i ndáil le cuntais bainc tráchtála a fheidhmíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 90 | 98 |
| Breoslaí agus leasacháin | 23 | 28 |
| Stáiseanóireacht | 32 | 27 |
| Tomhaltáin trealaimh | 3 | 2 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 9 | 25 |
| Tomhaltáin TF | 37 | 23 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 62 | 63 |
| Beostoc | 66 | 61 |
| | **322** | **327** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Comhshaoil | 256 | 618 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 69 | 427 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 58 | 37 |
| | **383** | **1,082** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 483 | 612 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 295 | 334 |
| Cáin Iarchoimeádta Sheirbhísí Gairmiúla | 283 | 207 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 4 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 256 | 262 |
| Asbhaintí pinsin | 13 | 11 |
| | 1,334 | 1,426 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 321 | 377 |
| Aran LIFE | 506 | 247 |
| Kerry LIFE | 647 | 852 |
| Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe | 2,006 | 2,246 |
| Eile | 213 | 558 |
| | **5,027** | **5,706** |

[a] Tugann an AE tacaíocht do thionscadail comhshaoil, caomhantais nádúir agus gníomhaithe ar son na haeráide san AE le clár LIFE. Is é an bunchuspóir atá ag clár LIFE cúnamh a sholáthar chun reachtaíocht agus polasaithe comhshaoil an AE a chur chun feidhme, a nuashonrú agus a fhorbairt trí tionscadail thrialacha nó thaispeána a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo a chómhaoiniú.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 3,144 | 3,120 |
| Géilleadh iarchurtha | 700 | 13,548 |
| Deontas neamhtharraingte ón Státchiste | (2,305) | 3,376 |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **1,539** | **20,044** |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,183 | 24,668 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 383 | 1,082 |
| | 6,566 | 25,750 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,334) | (1,426) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (3,693) | (4,280) |
| | (5,027) | (5,706) |
| | **1,539** | **20,044** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Scéim um Chúitimh Móna | 24,247 | 25,209 |
| Na hOileáin | 17,825 | 9,619 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 3,192 | 4,157 |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | 6,220 | 7,107 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 6,250 | 8,819 |
| Tionscadail chaipitil ealaíona eile | 13,573 | 2,301 |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922 | — | 3,083 |
| Ionad Imeachtaí Chorcaí | 11,000 | 11,000 |
| Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 1,198 | 2,489 |
| Deontais agus seirbhísí agus earraí soláthraithe eile | 1,838 | 3,569 |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | **85,343** | **77,353** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás ina bhfuil ceangaltas tar éis méadú nó laghdú faoi níos mó ná €500,000 ó 2016 go 2017

| Fo-mhírcheann | Méid an mhéadaithe/(laghdaithe) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Scéim um Chúitimh Móna | (962) | Ós rud é gur cuireadh tús leis an scéim seo i 2011, léiríonn an laghdú an titim i líon na mblianta atá fágtha agus a bhfuil iarratasóirí i dteideal íocaíocht a fháil ina leith bliain i ndiaidh bliana. |
| Oileáin | 8,206 | Léiríonn an méadú seo ar fhigiúr na gceangaltas bronnadh conarthaí nua chun seirbhísí iompair a chur ar fáil do na hoileáin. |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | (965) | Bhí an laghdú ar cheangaltais mar thoradh ar íocaíochtaí i 2017 a bhain le ceangaltais a bhí gan íoc ag deireadh 2016. |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | (887) | Baineann an laghdú ar cheangaltais le híocaíochtaí i ndáil le ceangaltais chlár ACCESS a tháinig in aibíocht i 2017. |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | (2,569) | Bhí an laghdú ar cheangaltais mar thoradh ar íocaíochtaí i 2017 a bhain le ceangaltais a bhí gan íoc ag deireadh 2016. |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 11,272 | Bhí méadú ar cheangaltais mar thoradh ar deontais a bronnadh i 2017 faoi Shruthanna 1, 2 agus 3 den Scéim nua Caipitil Ealaíon agus Cultúir. |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922 | (3,083) | Caitheadh na ceangaltais ag deireadh 2016 ina n-iomláine i 2017 seachas i gcás Séipeál na Saoránach i nGlas Naíon, nach ndeacthas ar aghaidh leis. |
| Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | (1,291) | Tionscadail a tugadh chun críche i 2017 is ea is mó is cúis leis an laghdú ar cheangaltais. |
| Deontais agus seirbhísí agus earraí soláthraithe eile | (1,731) | Bhí an laghdú ar cheangaltais mar thoradh ar íocaíochtaí i 2017 a bhain le ceangaltais a bhí gan íoc ag deireadh 2016. |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte amach ag deireadh na mbliana | 28 | 6 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta sa nóta seo a leanas agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% and €100,000). Cionroinneadh caiteachas riaracháin thar na cláir chun costáil iomlán clár a chur i láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 30,150 | 30,091 | 31,175 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,427 | 1,216 | 1,196 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 987 | 792 | 845 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 610 | 491 | 473 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,987 | 1,886 | 1,811 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 775 | 670 | 726 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 100 | — | 3 |
| | | **36,036** | **35,146** | **36,229** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*vii* *Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí*

Soláthar mheastacháin: €100,000, táirgeacht: €Nil

Tharla an tearc-chaitheamh seo mar gheall ar pholasaí chun caiteachas den chineál sin a íoslaghdú i bhfianaise brú buiséadach.

## Clár A Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 6,226 | 5,990 | 5,709 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,368 | 1,337 | 1,063 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | 40 | 32 | 40 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | | 1,566 | 1,162 | 1,274 |
| A.5 | Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford [a] | | 11,636 | 11,711 | 10,876 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | 10,300 | 10,222 | 2,925 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | | | | |
| | *Bunsuim* | 6,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,548 | 12,648 | 7,407 | 15,352 |
| A.8 | Cultúr Éireann | | 3,500 | 3,682 | 5,495 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 65,150 | 65,150 | 60,120 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | 12,851 | 12,881 | 12,120 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | 7,293 | 7,293 | 6,944 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann | | 16,488 | 16,987 | 15,571 |
| A.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | | 9,394 | 9,394 | 7,636 |
| A.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | | 1 | — | — |
| A.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922 | | | | |
| | *Bunsuim* | 1,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,000 | 6,100 | 5,710 | 28,374 |
| A.16 | Ionad Imeachtaí Chorcaí | | 5,000 | — | — |
| | | | **169,561** | **158,958** | **173,499** |

[a] Féach Nóta 7.1

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €10.603 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Seo a leanas ba chúis leis an difríocht de €10.603 milliún den chuid is mó:

A.4 *Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta*

Soláthar mheastacháin: €1.566 milliún, táirgeacht: €1.162 milliún

Bhí sprioceasnamh €0.404 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc nach ndeachaidh fáil infreastruchtúr TFC agus trealamh eile chun cinn ar aghaidh mar a bhí beartaithe ar dtús.

*A.7 Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha*

Soláthar mheastacháin: €12.648 milliún, táirgeacht: €7.407 milliún

Bhí sprioceasnamh €5.241milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a rabhthas ag súil leis i dtionscadail, lena n-áirtítear tionscadal amháin a raibh luagh €2 milliún aige.

A.8 *Cultúr Éireann*

Soláthar mheastacháin: €3.5 milliún, táirgeacht: €3.682 milliún

Fuarthas maoiniú sa bhreis le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dul i ngleic le brúanna a tháinig chun cinn faoin fho-mhírcheann seo in 2017.

A.15 *Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922*

Soláthar mheastacháin: €6.1 milliún, táirgeacht: €5.71 milliún

Bhí coigiltis ann cinn toisc go ndearnadh dul chun cinn níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis i roinnt tionscadal, lena n-áirítear an tionscadal athfhorbartha na Cartlainne Náisiúnta.

A.16 *Ionad Imeachtaí Chorcaí*

Soláthar mheastacháin: €5 milliún, táirgeacht: €Nil

Bhí sprioceasnamh €5 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc nach raibh an t-údarás conarthach in ann an conradh tógála a thabhairt chun críche i 2017. Mar thoradh air sin, níor ghá aon mhaoiniú caipitil a tharraingt síos i rith na bliana.

## Clár B Oidhreacht

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 19,245 | 19,748 | 18,514 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | 2,696 | 1,839 | 1,590 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 6,254 | 5,904 | 5,243 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | | | 2,538 | 2,947 | 2,402 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | | | |
| | | *Bunsuim* | 11,182 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | 13,182 | 17,104 | 17,074 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | | 374 | 400 | 324 |
| B.7 | Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha | | | 2,000 | 3,281 | 2,102 |
| B.8 | Athchóiriú agus bainistiú tailte móna | | | 1,000 | 114 | 800 |
| | | | | **47,289** | **51,337** | **48,049** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €4.048 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid is mó den difríocht de €4.048 milliún:

*B.2 Riarachán - neamhphá*

Soláthar mheastacháin: €2.696 milliún, táirgeacht: €1.839 milliún

Tháinig an choigilt de €0.857 milliún chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos.

B.3. *Deontas don Chomhairle Oidhreachta, (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar mheastacháin: €6.254 milliún, táirgeacht: €5.904 milliún

Bhí sprioceasnamh €0.350 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc gur cuireadh tús le clár na mBailte Stairiúla níos déanaí ná mar a bhí beartaithe.

B.4. *Oidhreacht thógtha*

Soláthar mheastacháin: €2.538 milliún, táirgeacht: €2.947 milliún

Bhí méadú €0.409 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin mar go bhfacthas gur ghá dul i ngleic le struchtúir a bhí i mbaol, lena n-áirítear oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar struchtúir stairiúla a ndearna drochaimsir damáiste dóibh.

B.5. *Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)*

Soláthar mheastacháin: €13.182 milliún, táirgeacht: €17.104 milliún

Bhí méadú €3.922 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin mar gheall ar chostais a bhaineann le bearta atá i bhfeidhm chun tacú le comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga de chuid an AE, oibreacha caipitil nach rabhthas ag súil leo a bhain le tuilte deisiúcháin eile ag páirceanna náisiúnta agus anaclanna, agus cúlsoláthar talún a ceannaíodh ar chúiseanna straitéiseacha taobh le Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich.

B.7. *Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha*

Soláthar mheastacháin: €2 milliún, táirgeacht: €3.281 milliún

Breis éilimh faoi na scéimeanna seo ba chúis leis an méadú de €1.281 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an meastacháin. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an soláthar seo a mhéadú faoi suas le €1.5 milliún chun freastal ar an éileamh breise seo.

B.8. *Athchóiriú agus bainistiú tailte móna*

Soláthar mheastacháin: €1 milliún, táirgeacht: €0.114 milliún

Bhí sprioceasnamh €0.886 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc go raibh gá le tuilleadh oibre comhairliúcháin agus suirbhé in 2017 cé gur tugadh dréachphleananna athchóirithe le haghaidh 53 limistéar faoi chaomhnú speisialta (LCS) ar phortaigh ardaithe chun críche i 2016. Mar thoradh ar an méid seo, níor tugadh an obair ullmhúcháin ba ghá chun críche go dtí deireadh 2017, agus bhí tearc-chaitheamh leithdháilte ann dá bharr.

## Clár C An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 3,731 | 3,172 | 2,949 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,125 | 1,017 | 789 |
| C.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 7,812 | 8,465 | 8,292 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,795 | 4,014 | 3,594 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | 730 | 729 | 639 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta - riarachán | 8,958 | 8,958 | 8,823 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | 3,250 | 3,250 | 3,000 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 6,687 | 8,957 | 9,087 |
| C.9 | Oileáin | 9,275 | 7,964 | 13,274 |
| C.10 | An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 | 1,250 | 1,429 | 999 |
| — | *Deich mBliana na gCuimhneachán - Teach an Phiarsaigh* | — | — | 1,900 |
| | | **46,613** | **47,955** | **53,346** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €1.342 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Seo a leanas ba mhó ba chúis leis an difríocht :

*C.3. Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta*

Soláthar mheastacháin: €7.812 milliún, táirgeacht: €8.465 milliún

Breis éilimh faoi na scéimeanna seo ba chúis leis an méadú de €0.653 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an meastacháin. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an soláthar seo a mhéadú chun freastal ar an éileamh méadaithe.

C.4. *Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar mheastacháin: €3.795 milliún, táirgeacht: €4.014 milliún

Breis éilimh faoi na scéimeanna seo ba chúis leis an méadú de €0.219 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an meastacháin. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an soláthar seo a mhéadú chun freastal ar an éileamh méadaithe.

C.8. *Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh*

Soláthar Meastachán: €6.687 milliún, táirgeacht: €8.957 milliún

Bhí méadú €2.270 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc gur tugadh roinnt tionscadal caipitil chun críche níos luaithe ná mar a rabhthas ag súil leis le linn na bliana. Ceadaíodh an caiteachas breise i gcomhréir le smachtbhannaí a fuarthas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

C.9. *Oileáin*

Soláthar mheastachán: €9.275 milliún, táirgeacht: €7.964 milliún

Moill san fhorbairt ar Chuan Inis Oírr ba chúis leis an sprioceasnamh de €1.311 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an meastacháin. Tugadh €0.7 milliún den tearc-chaiteachas ar aghaidh isteach i 2018.

C.10. *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030*

Soláthar mheastachán: €1.250 milliún, táirgeacht: €1.429 milliún

Breis éilimh faoi na scéimeanna seo ba chúis leis an méadú de €0.179 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas le soláthar an meastacháin. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an soláthar seo a mhéadú chun freastal ar an éileamh méadaithe seo.

## Clár D Comhoibriú Thuaidh-Theas

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán -pá | 948 | 1,181 | 1,058 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 697 | 862 | 683 |
| D.3 | An Foras Teanga | 13,989 | 13,508 | 13,249 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 22,859 | 25,805 | 26,567 |
| | | **38,493** | **41,356** | **41,557** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €2.863 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Seo a leanas ba chúis leis an gcuid is mó den difríocht €2.863 milliún:

D.4. *Uiscebhealaí Éireann*

Soláthar mheastachán: €22.859 milliún, táirgeacht: €25.805 milliún

Deisiú ríthábhachtach infreastruchtúir, lena n-áirítear deisiú ba ghá mar thoradh ar dhrochaimsir, ba chúis leis an méadú de €2.946 milliún i gcaiteachas.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 34 | 46 |
| 2 | Fáltais ilghnéitheacha | 872 | 1,225 | 1,485 |
| 3 | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean ar cíos etc.) | 100 | 188 | 121 |
| 4 | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 445 | 1,228 | 1,226 |
| 5 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 2,516 | 2,793 | 3,026 |
| — | *LEADER - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe* | — | — | 2,284 |
| — | *Caiteachas cláir na gcuntas díomhaoin* | — | — | 432 |
| | **Iomlán** | **3,973** | **5,468** | **8,620** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí na leithreasuithe-i-gcabhair €1.495 milliún os cionn an mheastacháin.

Tugtar míniú ar na difíochtaí anseo thíos:

2 *Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €0.872 milliún, táirgeacht: €1.225 milliún

Baineann an difríocht de €0.353 milliún le fáltais níos airde pinsin ná mar a bhíothas ag súil leo ó Ghníomhaireachtaí.

4 *Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra*

Soláthar mheastacháin: €0.445 milliún, táirgeacht: €1.228 milliún

Fáltais níos airde na mar a bhíothas ag súil leo sna páirceanna náisiúnta ba chúis leis an méadú de €0.783 milliún, agus léiríonn an méid sin gur thug líon mór cuairteoirí cuairt ar na háiseanna sin.

5 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí*

Soláthar mheastacháin: €2.516 milliún, táirgeacht: €2.793 milliún

Fáltais ó ashbaintí a bhaineann le pinsean ó ghníomhaireachtaí a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo ba chúis leis an difríocht de €0.277 milliún.

## 4.2 Fáltais bhreise Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 4 | 9 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 2 | 4 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (4) | (9) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **2** | **4** |

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana (ionann is lánaimseartha)** | | |
| Roinn | 619 | 608 |
| Gníomhaireachtaí | 1,079 | 1,011 |
| | **1,698** | **1,619** |

### 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 69,037 | 68,652 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 56 | 92 |
| Liúntais eile | 1,011 | 1,115 |
| Ragobair | 1,305 | 1,373 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,929 | 5,944 |
| **Pá Iomlán** | **77,338** | **77,176** |

Ní ionann figiúr pá an Státchiste mar a nochtadh sna Meastacháin Athbhreithnithe Dheiridh is iomlán an phá don líon foirne a nochtadh faoi Nóta 5. I gcás na bhforas forfheidhmithe Thuaidh/Theas, maoiníonn na ranna urraíochta sa dá dhlínse an caiteachas ar phá ar bhonn pro-rata.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2017 € | Uasíocaíocht aonair 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 38 | 2 | 12,494 | 11,559 |
| Liúntais eile | 572 | 25 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 568 | 24 | 16,450 | 24,234 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 378 | 62 | 23,437 | 28,273 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin atá ar scor agus atá ag fáil pinsin státseirbhíse, ar chostas iomlán de €1,800. Níor measadh lacáiste pinsin a bheith infeidhme sa chás seo.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann iomlán na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €44,275 (51 chás) (2016: €16,583 [15 chás]). As sin, bhí pleananna aisghabhála ar bun do €12,940 ag an 31 Nollaig.

# Nóta 6 Ilghnéithe

## 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2017 Meastachán €000 | 2017 Táirgeacht €000 | 2016 Táirgeacht €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 65,150 | 65,150 | 60,120 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,254 | 5,904 | 5,243 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,795 | 4,014 | 3,594 |
| | | **75,199** | **75,068** | **68,957** |

Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta **https://www.chg.gov.ie/ga/about/finance-evaluation/national-lottery-funding/**

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn €000 | Cúiteamh a bronnadh €000 | Costais dlí a bronnadh €000 | 2017 Iomlán €000 | 2016 Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Éilimh ó: | | | | | | |
| fhostaithe na Roinne | 2 | 11 | — | — | 11 | 17 |
| baill an phobail | 10 | 161 | 18 | 47 | 226 | 178 |
| | | **172** | **18** | **47** | **237** | **195** |

## 6.3 Ús ar íocaíochtaí deireanacha

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán an úis íoctha | 2 | 2 |

## 6.4 Caillteanas sócmhainní oidhreachta

Leanadh leis an imscrúdú ar chuir an Garda Síochána tús leis i 2012 i ndáil le caillteanas roinnt earraí a bhí coinnithe i stóráil phríobháideach thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Níl aon choigeartú déanta ar na figiúirí taifeadta in Nóta 2.2, go dtí go mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe ag na Gardaí.

## 6.5 Tugtha ar aghaidh go 2018

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €700,000 de leithdháileadh nár caitheadh i dtaca leis an ngné chaipitil d'fho-mhírchinn C9 Oileáin ar aghaidh go 2018.

## 6.6 Scéim Cúitimh um Scor de Bhaint Móna

I 2017, rinne an Roinn 2,860 íocaíocht (2016: 2,975) arbh ionann iad agus iomlán €4,604,000 (2016: € 4,646,000) maidir leis an Scéim Cúitimh um Scor de Bhaint Móna.

## Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 5,143 | 4,813 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,521 | 2,404 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,709 | 2,425 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,338 | 1,234 |
| | **11,711** | **10,876** |

### 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid do thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsiú thaifid Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815-1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 377 | 408 |
| Fáltais | 50 | 50 |
| Íocaíochtaí | (106) | (81) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **321** | **377** |

### 7.3 Ráiteas iasachtaí le haghaidh tithíocht Ghaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir** | | 183 | 183 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | | 4 | 5 |
| Díscríobh úis | | — | (1) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (1) | | |
| Ús | (1) | (2) | (4) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | **185** | **183** |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu

Tá an Roinn ag bainistiú sé láthair páirce náisiúnta faoi láthair, eadhon

— Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
— Páirc Náisiúnta Bhoirne
— Páirc Náisiúnta Chonamara
— Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
— Páirc Náisiúnta Chill Airne
— Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

I 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarma atá dírithe ar an mbunachar sonraí leictreonach d'fhaisnéis ar mhaoine a fhorbairt i dtaca leis an talamh agus na foirgnimh atá faighte ag an Roinn. Leanadh leis an obair seo i 2017.

## Aguisín B Cuntais na bhforas agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Sa tábla thíos tugtar liosta de na forais atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Aire ráitis airgeadais a chur ar fáil ina leith. Léiríonn sé, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúctha dheiridh agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an rialtais iad.

| Ciste Forais/Roinne | Tréimhse chuntasa íochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta a fuair an tAire/an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 2016 | 7 Samhain 2017 | 16 Samhain 2017 | 24 Aibreán 2018 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2016 | 1 Meitheamh 2017 | 27 Meitheamh 2017 | 22 Samhain 2017 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 23 Deireadh Fómhair 2017 | 18 Eanáir 2018 |
| Áiléar Crawford | 2016 | 29 Meán Fómhair 2017 | 9 Deireadh Fómhair 2017 | 27 Nollaig 2017 |
| An Chomhairle Ealaíon | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 21 Iúil 2017 | 6 Nollaig 2017 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | 2016 | 29 Samhain 2017 | 22 Nollaig 2017 | 19 Aibreán 2018 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 29 Eanáir 2018 | 26 Aibreán 2018 |
| Bord Scannán na hÉireann | 2016 | 20 Nollaig 2017 | 13 Márta 2018 | 2 Bealtaine 2018 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 2016 | 20 Iúil 2017 | 6 Samhain 2017 | 18 Eanáir 2018 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 21 Iúil 2017 | 12 Nollaig 2017 |
| Údarás na Gaeltachta | 2016 | 30 Samhain 2017 | 8 Nollaig 2017 | 18 Eanáir 2018 |
| An Foras Teanga | 2016 | 18 Nollaig 2017 | 27 Márta 2018 | 14 Meitheamh 2018 |
| Uiscebhealaí Éireann | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 10 Iúil 2017 | 20 Meán Fómhair 2017 |
| An Coimisinéir Teanga | 2016 | 14 Nollaig 2017 | 27 Nollaig 2017 | 12 Feabhra 2018, |